# An Bord Pleanála

## An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001, (Arna Léasú Agus Arna Ionadú). Fógra Maidir le hAguisín leis an gComhad Comhairliúcháin Reamhiarratais; ABP-320164-24

**Iarratas ó Chóras Iompair Éireann ar Ordú Iarnróid i leith DART+ an Chósta Thuaidh [2024] Tag. ABP-320164-24**
De bhun an fhógra nuachtáin a foilsíodh an 8 Iúil, 2024, tugtar fógra leis seo gur sainaithníodh mionearráid i ndoiciméid a cuireadh isteach leis an iarratas a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála an 12 Iúil, 2024 ar Ordú Iarnróid i leith DART+ an Chósta Thuaidh [2024] tag. ABP-320164-24 (An líne thuaidh idir Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus Droichead Átha, lena n-áirítear Brainse Bhinn Éadair). Chun iarratas ón mBord Pleanála a chomhlíonadh, tá leagan iomlán den chomhad comhairliúcháin réamhiarratais curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála ag Córas Iompair Éireann (CIÉ) agus tá sé seo curtha ar fáil aige ag na láithreacha taispeána poiblí thíosluaite. Mar gheall air seo, cuirfear síneadh leis an tréimhse le haghaidh aighneachtaí poiblí.

**Aguisín a iniúchadh i ndáil leis an gcomhad réamhiarratais**
Is féidir cóip den chomhad comhairliúcháin réamhiarratais ina iomláine mar aon leis an dréacht-Ordú Iarnróid bunaidh agus na doiciméid a ghabhann leis an iarratas, a fheiceáil ar: www.dartcoastalnorthrailwayorder.ie ón 9 Meán Fómhair, 2024.

Is féidir cóip den chomhad comhairliúcháin réamhiarratais ina iomláine, chomh maith leis an dréacht-Ordú Iarnróid bunaidh agus na doiciméid a ghabhann leis an iarratas, a iniúchadh saor in aisce le linn gnáthuaireanta oifige nó uaireanta oscailte ar feadh tréimhse 6 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo sna háiteanna seo a leanas:

- An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902;
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8. D08 RF3F;
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, An Phríomhshráid, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2;
- Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 W638;
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Contae na Mí, C15 Y291;
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Míllaoise, Dún Dealgan, Contae Lú, A91 KFW6;
- Leabharlann Dhomhnach Míde, Ionad Siopadóireachta Dhomhnach Míde, Bóthar na Gráinsí, Baile Átha Cliath 13, D13 XW28;
- Leabharlann an Rois, Faiche an tSéipéil, An Ros, Contae Bhaile Átha Cliath, K56 ED9;
- Leabharlann Bhaile Brigín, Cearnóg Sheoirse, Baile Brigín, Contae Bhaile Átha Cliath, K32 TW27;
- Leabharlann Dhroichead Átha, Sráid Thobar an Stoic, Droichead Átha, Co. Lú, A92 PY20;
- Iarnród Éireann Irish Rail, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01 V6V6; agus
- Oifig Tionscadail DART+ an Chósta Thuaidh, Oibreacha Inse Chór CIÉ, Paráid Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08 K6Y3.

**Doiciméid a Cheannach**
Féadfar cóipeanna no sleachta as na doiciméid a ghabhann leis an iarratas ar Ordú Iarnróid (lena n-áirítear Tuarascáil Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura) a cheannach ar tháille nach mó ná costas réasúnach a bheadh ar doiciméad nó ar sleachta astu a chóipeáil ó: Oifig Tionscadail DART+ an Chósta Thuaidh, Oibreacha Inse Chór CIÉ, Paráid Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08 K6Y3.
Féadfar iarratais cheannaigh den sórt sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le: DARTCoastalNorth@irishrail.ie nó trí ghlaoch ar a chur ar (01) 233 4515.

**Aighneachtaí i Scríbhinn**
Is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil atá freagrach as an t-ordú a dheonú nó é a dhiúltiú, ónar féidir faisnéis ábhartha a fháil agus ar féidir tuairimí nó ceisteanna a chur faoina bhráid. Breithneoidh An Bord Pleanála aighneacht ó aon duine ar choinníoll go gcuirfear an aighneacht sin isteach i scríbhinn laistigh de shé seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra d'aguisín seo, agus táille €50 ina teannta (mura bhfuil aighneacht seolta agat cheana féin). Níl an táille seo iníoctha ag comhlachtaí forordaithe áirithe nó ag daoine a bhféadfaí a gcuid tailte a fháil faoin dréacht-Ordú Iarnróid.

**Ní mór aighneachtaí a thaisceadh laistigh de shé seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo d'aguisín, tráth nach déanaí ná 5:30i.n. an 23 Deireadh Fómhair, 2024** agus ní mór iad a sheoladh chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 agus "Ordú Iarnród le haghaidh "Ordú Iarnród le haghaidh DART + an Chósta Thuaidh, 2024" marcáilte orthu. Is féidir aighneachtaí a dhéanamh freisin ar shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála ag an seoladh seo a leanas: https://www.pleanala.ie/en-ie/observations. Níl an táille seo iníoctha ag daoine a bhféadfaí a gcuid tailte a fháil faoin dréacht-Ordú Iarnróid, agus is féidir tuairimí a sheoladh tríd an ríomhphost go (SIDS@pleanala.ie), tríd an bpost nó a sheachadadh de láimh go hOifigí an Bhoird Pleanála.

**Éisteacht ó Bhéal**
Féadfaidh an Bord Pleanála éisteacht ó bhéal maidir leis an iarratas ar Ordú Iarnróid a thionól dá lánrogha féin faoi alt 42 den Acht.

**Athbhreithniú Breithiúnach**
Féadfaidh duine bailíocht chinneadh an Bhoird Pleanála a cheistiú ar mhodh iarratais ar athbhreithniú breithiúnach de réir alt 47 agus alt 47A den Acht agus faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna, 1986 (arna leasú) (S.I. Uimh. 15 de 1986), arna leasú. Is féidir teacht ar eolas praiticiúil faoin gcóras athbhreithnithe faoin gceannteideal 'Foilseacháin – Fógra um Athbhreithniú Breithiúnach' ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin 'Faisnéis do Shaoránaigh' ar www.citizeninformation.ie

**Arna síniú ag: Geraldine Finucane**
Rúnaí an Bhoird, Córas Iompair Éireann, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8
Arna dhátú an 6 lá seo de mhí Mheán Fómhair, 2024

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**
**Guthán:** (01) 233 4515
**Tríd an bPost:** Oifig Thionscadal DART+ an Chósta Thuaidh, CIÉ Iarnród Éireann, Oibreacha Inse Chór, Paráid Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08 K6Y3.
**Ríomhphost:** DARTCoastalNorth@irishrail.ie
**Suíomh gréasáin:** www.dartcoastalnorthrailwayorder.ie

# An Bord Pleanála

## Transport (Railway Infrastructure) Act 2001 (As amended and substituted) Notice of Addendum in Relation to the Pre-Application Consultation File:

**Application by Córas Iompair Éireann for a Railway Order for DART+ Coastal North [2024] ref. ABP-320164-24**
Further to the newspaper notice published on 8th July, 2024, notice is hereby given that an error has been identified with the pre-application consultation file submitted with the Railway Order application to An Bord Pleanála on 12th July 2024, for DART+ Coastal North [2024] ref. ABP-320164-24 (Northern line between Dublin City Centre and Drogheda, including the Howth Branch). In compliance with a request by An Bord Pleanála, Córas Iompair Éireann (CIÉ) has submitted a full and complete version of the pre-application consultation file to An Bord Pleanála and has made this available at the public display locations as listed below. In light of this, the period for public submissions will be extended.

**Inspection of addendum in relation to the pre-application file**
A copy of the full and complete pre-application consultation file, along with the original draft Railway Order and documentation accompanying the application, may be viewed at: www.dartcoastalnorthrailwayorder.ie from 9th September, 2024.

A copy of the full and complete pre-application consultation file, along with the original draft Railway Order and documentation accompanying the application, may be inspected free of charge during normal office or opening hours for a period of 6 weeks from the date of publication of this notice at:

- An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902;
- Planning Department, Dublin City Council, Civic Office, Wood Quay, Dublin 8, D08 RF3F;
- Planning Department, Fingal County Council, County Hall, Main Street, Swords, County Dublin, K67 X8Y2;
- Fingal County Council, Grove Road, Blanchardstown, Dublin 15, D15 W638;
- Planning Department, Meath County Council, Buvinda House, Dublin Road, Navan, County Meath, C15 Y291;
- Planning Department, Louth County Council, County Hall, Millennium Centre, Dundalk, County Louth, A91 KFW6;
- Donaghmede Library, Donaghmede Shopping Centre, Grange Road, Dublin 13, D13 XW28;
- Rush Library, Chapel Green, Rush, County Dublin, K56 ED95;
- Balbriggan Library, Saint George's Square, Balbriggan, County Dublin, K32 TW27;
- Drogheda Library, Stockwell Lane, Drogheda, County Louth, A92 PY20;
- Iarnród Eireann, Connolly Station, Amiens Street, Dublin 1, D01 V6V6; and
- DART+ Coastal North Project Office, CIÉ Inchicore Works, Inchicore Parade, Dublin 8, D08 K6Y3.

**Purchase of Documentation**
Copies or extracts from the documentation accompanying the Railway Order application (which includes an EIAR and NIS) may be purchased on payment of a fee not exceeding the reasonable cost of making such copy or extract from; DART+ Coastal North Project Office, CIÉ Inchicore Works, Inchicore Parade, Dublin 8, D08 K6Y3.
Such purchase requests may be made by contacting DARTCoastalNorth@irishrail.ie or by telephoning (01) 233 4515.

**Written Submissions**
An Bord Pleanála is the competent authority responsible for granting or refusing the order, from which relevant information can be obtained and to which comments or questions can be submitted. An Bord Pleanála will consider submissions by any persons, made in writing within six weeks from the date of publication of this addendum notice. A fee of €50 is applicable (unless you have made a submission already). This fee is not payable by certain prescribed bodies or by persons whose lands may be acquired under the draft Railway Order.

**Submissions must be lodged within six weeks of the date of publication of this notice, by 5:30p.m. on 23rd October, 2024,** and must be addressed to An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01V902 and marked "DART+ Coastal North Railway Order 2024". Submissions can also be made on the website of An Bord Pleanála at the following address: www.pleanala.ie/en-ie/observations. Persons whose lands may be acquired under the draft Railway Order are not required to pay a fee and can send their observation by email (SIDS@pleanala.ie), by post, or by hand to the offices of An Bord Pleanála.

**Oral Hearing**
An Bord Pleanála may, at its absolute discretion, hold an oral hearing into the application for a Railway Order, under section 42 of the Act.

**Judicial Review**
A person may question the validity of the decision of An Bord Pleanála by way of an application for judicial review in accordance with section 47 and section 47A of the Act and under Order 84 of the Rules of the Superior Courts, 1986 (as amended) (S.I. No. 15 of 1986 as amended). Practical information on the review mechanism can be accessed under the heading 'Publications - Judicial Review Notice' on the Board's website www.pleanala.ie or on the Citizen's Information website www.citizensinformation.ie.

**Signed: Geraldine Finucane**
Secretary to the Board of Córas Iompair Éireann, Heuston Station, Dublin 8
Dated this 6th September, 2024

**Further information is available from:**
**Telephone:** (01) 233 4515
**Postal:** DART+ Coastal North Project Office, CIÉ Iarnród Éireann, Inchicore Works, Inchicore Parade, Dublin 8, D08 K6Y3.
**Email:** DARTCoastalNorth@irishrail.ie.
**Website:** www.dartcoastalnorthrailwayorder.ie